

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
SCRÚDÚ ATRIALACH FAOI THEASTAIS GHAEILGE,
FÓMHAR, 2017

SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE

PÁIPÉAR I - 100 MARC
(85 MARC ANSEO AGUS 15 MARC DON GHNÉ PHRAITICIÚIL)

Trí huairé an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00). Cúig cheist a fhreagairt, ceann amháin as gach Roinn.

ROIINN A

1. Scríobh aiste (thart ar dhá leathanach i.e. 400 focal) ar ábhar amháin díobh seo:-

- (a) Is post tábhachtach é post an mhúinteora agus tá ardú pá tuillte ag mhuínteoirí.
- (b) Caitheann daoine óga an iomarca ama ar na meáin shóisialta.
- (c) Smaoineamh an-mhaith ab ea í Slí an Atlantaigh Fhiáin. An bhfuil aon smaointe agatsa chun níos mó turasóirí a mhealladh go hÉirinn?
- (d) Tá an iomarca daoine ag iarraidh cónaí i mBaile Átha Cliath.
- (e) Céard ba chóir a dhéanamh chun an Ghaeilge a choinneáil beo sa Ghaeltacht?

(35 marc)

ROIINN B

Freagair Ceist 2 nó Ceist 3

2. Aistrigh go Gaeilge:-

I went on my holidays to Spain last month. I was there for a fortnight. I chose Spain because I love the heat and thanks be to God I was very lucky. The sun was splitting the rocks every day and I was very satisfied with that. The last time I went I stayed in a self-catering apartment but this time I decided to stay in a hotel. I was fed up of cooking and cleaning all year and I wanted a rest. There was a very good restaurant in the hotel and the food in it was very good and cheap enough. I was able to drink a glass of wine with my dinner and go back to my room afterwards without being worried about the police. There was an outdoor swimming pool in the hotel also and that is where I was to be found every day.

(15 marc)

3. Aistrigh go Gaeilge:-

1. Paul! Hang up your coat, take down your chair and take out your homework.
2. Aisling! Run into the school and get the bell.
3. I attended a College of Education in Wales and I spent five years teaching in England.
4. There is a shopping centre, a cinema, a theatre and a Sport's Centre in my district.
5. The house next to me is for sale and I would like to buy it.
6. How many children are in your class?
7. I like running and I go for a run every evening.
8. Cormac had a headache and he sent for the doctor.
9. I eat meat and vegetables but my favourite food is fish.
10. *Ros na Rún* is a soap opera and I love watching it.

(15 marc)

ROINN C

Freagair Ceist 4 nó Ceist 5

4. Athscríobh an t-alt seo a leanas agus cuir isteach an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní:-

“An (déan) tú aon rud deas an samhradh seo caite?” arsa Cormac. “Bhuel! An bhfuil a fhios agat, a (Cormac),” arsa Eoghan, “chuaigh me go dtí Seó na (Capaill) i mBaile Átha Cliath.” “Ní raibh a fhios agam go raibh spéis agat sna capailli,” arsa Cormac.” “Ó tá!” arsa Eoghan. “Nuair a bhí mé i mo (buachaill) óg cheannaigh mo sheanathair capaillín Chonamara dom. Creid é ná creid é, tá siad i bhfad níos (saor) anois ná mar a bhí siad ag an am sin. Choinníomar é sa ghairdín a bhí againn ar chúl (an teach). Chuamar go dtí seónna éagsúla timpeall (an tir).” “An bhfuil capaillín Chonamara agat fós?” arsa Cormac. “Níl,” arsa Eoghan. “Dá mbeadh capaillín agam anois (tóg) sé an iomarca ama aire a (tabhair) dó.” “Agus an rachaidh tú go Baile Átha Cliath arís an bhliain seo chugainn?” arsa Cormac. “Má théim arís an bhliain seo chugainn (fan) mé in óstán in ionad dul suas go Baile Átha Cliath agus teacht anuas arís in aon lá amháin,” arsa Eoghan.

(10 marc)

5. Athscríobh na habairtí seo a leanas gan na lúibíní agus athraigh iad más gá:-

1. Ní (feic) mé an Nuacht aréir.
2. An bhfuil aon rud níos (olc) na drochaimsir i Mí Iúil agus i Mí Lúnasa?
3. (Oscaill) mé cuntas sa Chomhar Creidmheasa an mhí seo chugainn.
4. Má fhaighim cuireadh chuig an mbainis sin (glac) mé leis.
5. Dá (tóg: mé) an traein bheinn in ann obair a dhéanamh ar an turas.
6. Bhí áthas ar Liam nuair a bhí na tuairiscí go léir (scríobh) aige.
7. D’iarr an Garda orm mo cheadúnas tiomána a (taispeáin) dó.
8. Bhí irisleabhair ar an mbord i seomra feithimh (an fiaclóir).
9. Caithfidh polaiteoirí éisteacht le tuairimí (na daoine).
10. Beidh i bhfad níos mó carranna ar (na bóithre) an mhí seo chugainn.

(10 marc)

ROINN D

Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

Tomás Ó Fiaich, sliocht atá curtha in oiriúint ó alt le Diarmaid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú in www.ainm.ie

Bhí Tomás Ó Fiaich ina Chairdinéal ar Ard Mhacha ó 1977 go 1990. I gCoilleach Eanach i bparóiste an Chreagáin Íochtair, Contae Ard Mhacha, a rugadh é ar 3 Samhain, 1923. Múinteoirí ab ea a thuismitheoirí, Pádraig agus Áine. Cailleadh an mháthair nuair nach raibh ach ocht mbliana d'aois ag Tomás agus deirfiúr an athar a thug aire don teaghlaigh ina diaidh. Ba é an Creagán, a áit dúchais a chéadghrá. Labhair agus scríobh sé go minic ar filí an cheantair, go háirithe Art Mac Cumhaigh agus Séamus Dall Mac Cuarta.

Fuair sé bunscolaíocht sa Chreagán Dubh mar a raibh a athair ina phríomhoide agus is ann a mhúscail múinteoir óg a spéis sa Ghaeilge. Dhéanadh Tomás freastal ar rang a bhí aici gach maidin roimh am scoile. Ba é an duine ab fhéarr ag an nGaeilge sa rang é agus thuill sin saoire i Rann na Feirste dó. Scoláireacht a thug go Coláiste Phádraig, Ard Mhacha, é. Agus é ag dul le sagartóireacht i Maigh Nuad (1940-44) rinne sé staidéar ar an Léann Ceilteach. Cuireadh é go Coláiste Pheadair, Loch Garman, agus is ann a oirníodh mar shagart é ar 6 Meitheamh, 1948. Cuireadh é ar chúrsa staire faoin Ollamh Aubrey Gwynn S.J. sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, 1948-50. Ceapadh é ina léachtóir staire i Maigh Nuad in 1953 agus ó 1959 go 1974 bhí sé ina Ollamh le Nua-Stair. Ba é John Hume an mac léinn ab aitheanta aige, is dóigh.

Ba é Tomás Ó Fiaich an Cláraitheoir i Maigh Nuad ó 1968 go dtí 1970 nuair a ceapadh é ina Leasuachtarán agus cúram na mac léinn tuata mar cheann dá dhualgas. In 1974 ceapadh ina Uachtarán é. Ba é rogha chléir Ard Mhacha é mar ardeaspag agus fógraíodh 22 Lúnasa, 1977 gurbh é a bhí ainmnithe. Oirníodh é 2 Samhain, 1977 mar ardeaspag. Rinneadh cairdinéal de ar 30 Meitheamh, 1979 in ainneoin feachtas ina aghaidh i bpreas Shasana. Chuir Raidió na Gaeltachta agallamh air sa Róimh agus luaigh sé gach paróiste Gaeltachta in Éirinn sna beannachtaí a chuir sé abhaile.

Bhí sé in éineacht le seacht gcéad oilithreach i Lourdes nuair a tháinig tinneas a bháis air. D'éag sé in ospidéal in Toulouse 8 Bealtaine, 1990. Meastar gur céad caoga míle duine a shiúil thar a chónra san ardeaglais in Ard Mhacha.

1. Cén dáta breithe a bhí ag an gCairdinéal Tomás Ó Fiaich?
2. Cén ról a bhí ag aintín le Tomás ina shaol?
3. Cén fhianaise atá san alt go raibh spéis ag Tomás i litríocht a cheantair dhúchais?
4. Céard a ghnóthaigh Tomás mar thoradh ar a dhul chun cinn sa Ghaeilge agus é ina bhuachaill óg?
5. Cén cruthú atá san alt go raibh na sagairt ina dheoise féin sásta lena cheapachán mar ardeaspag orthu?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Donncha Ó Gallchóir, sliocht atá curtha in oiriúint ó alt le Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú air in www.ainm.ie

Sa Chorrán, Gob an Choire, Co. Mhaigh Eo, a rugadh Donncha Ó Gallchóir ar 23 Samhain, 1922. Bhí siopa sa Chorrán ag a mhuintir. Bhí ceithre húicéir ag a athair Johnny Eoin Bhidí Ó Gallchóir agus ba í Catherine Ní Ghallchóir (Catherine a' Mháistir) a mháthair. Cuireadh meánoideachas air i gColáiste Éinde, coláiste ullmhúcháin i nGaillimh, agus cháiligh sé mar mhúinteoir i gColáiste Phádraig, Droim Conrach. Tar éis dó a bheith ina mhúinteoir i nDroimeanach, Baile Átha Cliath le tamall de bhlianta, d'fhill sé ar Acaill agus bhí ag múineadh san Aisléim go dtí gur ceapadh é ina phríomhoide i Scoil an Chorráin i 1960. Tuairimítear i gcuntas an *Irish Times* gurbh é an chaoi ar chaith rialtas Fhianna Fáil leis na müinteoirí náisiúnta le linn stailc fhada 1946 a thiomáin i dtreo na polaitíochta é.

Theip air suíochán Dála a bhuachan d'Fhianna Fáil i Maigh Eo Thiar i 1969 ach d'éirigh leis in olltoighchán 1973 agus i ngach aon toghchán eile gur éirigh sé as an Dáil i 1989. Ba é an chéad iarrthóir as Acaill ar éirigh leis suíochán Dála a bhuachan. Ba é urlabhraí Fhianna Fáil i dtaobh na hiascaireachta é le linn don pháirtí a bheith sa fhreasúra ó 1973 go 1977. Bhí bád aige fén ar bhaist sé 'Seán South' uirthi. Ba é Aire na Gaeltachta é i rialtas 1977 ach chaill sé an post nuair a toghadh Cathal Ó hEochaídhe mar Thaoiseach i 1979. Tar éis dá dháilcheantair fén, áfach, brú a chur ar Chathal Ó hEochaídhe nuair a chuaigh seisean go Caisleán an Bharraigh chun plaic a nochtadh ar an teach inar rugadh eisean, cheap Ó hEochaídhe é mar Aire Stáit é.

Bhí sé gníomhach i gConradh na Gaeilge agus bhí dlúthbhaint aige leis an Oireachtas. Ceapadh é ina Uachtaráin ar Oireachtas 1996 i nGaoth Dobhair. Deirtí go raibh sáreolas aige ar amhráin Ghaeilge Mhaigh Eo. Sheinneadh sé bosca ceoil agus bhí sé ina bhall de Bhanna Céilí Naomh Colmán in Acaill. Fear mór ba ea é i gCumann Lúthchleas Gaelní hamháin in Acaill ach go náisiúnta. Bhí sé tamall ina chathaoirleach ar Bhord Chontae Mhaigh Eo agus ina Leas-Uachtaráin ar an gCumann féin. I 2000 bronnnadh an gradam 'Pearsa Mhaigh Eo na bliana' air. D'éag Donncha Ó Gallchóir ar 3 Samhain, 2001.

1. Cén fhianaise atá san alt gur tháinig Donncha ó chúlra gnó?
2. Cén tslí bheatha a bhí ag Donncha sula ndeachaigh sé le polaitíocht?
3. Céard a spreag é dul isteach sa pholaitíocht, dar leis an alt?
4. Cén chaoi ar tharla sé go bhfuair Donncha post sinsearach sa Rialtas ar ais tar éis dó Aireacht a chailleadh?
5. Cén cruthú atá san alt go raibh ardmheas ag muintir a chontae féin air?

(10 marc)

ROINN E

Freagair Ceist 8 nó Ceist 9 nó Ceist 10

- 8.** (a) Tabhair sainmhíniú ar “Feidhm Teanga”?
- (b) Scríobh eiseamláir do gach ceann de na Feidhmeanna Teanga seo a leanas:
- (i) easpa taitnimh a léiriú
 - (ii) ábaltacht a léiriú
 - (iii) fiosrú faoi mhian
 - (iv) dóchas a léiriú
- (c) Cén chaoi a n-imrítear an cluiche teanga, *Cluiche Kim?* Léirigh a bhfuil le rá agat le sampla.

(15 marc)

- 9.** (a) “Sa Tréimhse Réamhchumarsáide déanann an múinteoir ionchur teanga agus sa Tréimhse Cumarsáide úsáideann na páistí an teanga sin chun cumarsáid a dhéanamh.” Mínigh an ráiteas sin. Léirigh a bhfuil a rá agat le sampla.
- (b) Scríobh scéal (thart ar 80 focal) dar teideal, “Turas Scoile ar Pháirc an Chrócaigh” a mbeifeá ag súil leis ó dhaltaí sna meánranganna nó sna hardranganna.
- (c) Bunaithe ar an scéal céanna, scríobh ceithre cheist thuisceana ag tosú le “An/Ar,” “Cé,” “Céard/Cad” agus “Cá” agus scríobh na freagraí a ghabhann leis na ceisteanna sin.

(15 marc)

- 10.** (a) Céard iad na buntáistí a bhaineann le Rólimirt ó thaobh Mhúineadh na Gaeilge de?
- (b) Scríobh biachlár a bhfuil bianna, béisí agus deochanna air a thaitneodh le páistí.
- (c) Scríobh comhrá (14-16 líne) faoin teideal, “Páistí sa Bhialann”, comhrá a bheadh oiriúnach do dhaltaí sna meánranganna nó sna hardranganna. Taobh le taobh leis na hEiseamláirí Teanga (gach cuid den chomhrá) scríobh na Feidhmeanna Teanga atá á gcomhlíonadh.

(15 marc)